

AN GLEANN I DTÚS AN EARRAIGH.

An uair a bhíos an ghaoth anoir a' déanamh ceoil ar na slataibh loma i dtús an earraigh is ionduail an uair sin gan torann ná gleo a bheith le clos sa ngleann cé is moite don siamsán a gníos an abhainn bodhar-glórach a shíleas léithe i n-íochtar gleanna. Níl ach beagán lá ó shoin tháinig sneachta ar bharr na gaoithe fuaire. Bhí sé síobhta go domhain ar na sléibhte atá ar chaon taobh de Log an Ghleanna. Ba breagh iad le feiceál agus iad gléasta indiaidh a chéile – Sliabh Cualann mór, Maoilín, Tón Dubh Cip lubhair. B'ionann le ríghte den fhuil ríoghamail iad faoi na gcultacha bán loinnreacha agus an lag-sholus gréine mar éideadh óir a deallradh ortha dá n-órdha. Na cnuic uaibhreacha suaimneacha seo san uaigneas, ní mórdha uair ar bith iad ná an uair a bhíos an brat sneachta anuas orthu. Bionann le halp beag Sliabh Cualann mór agus é go loinnreach idir thú agus an spéir gorm agus a bhun dá chumhdach timcheall ag a gcuid gcoillte corcra. Bhí Maoilín go gruamdha, caipín flich-cheo air agus meall mar de néalta bagracha ar a chúlaibh. An uair a bhíos fána thoir dtuaith Chip lubhair faoi shneachta, agus sgailí na néalta a bhíos dá ruaigeadh roimh an anfa ar fud a leathan-bhráilín sin é an uair a bhíos an fána úd go maordha, níos maordha ná sleas sléibhe dá bhfuil ann ná beann, ach bíonn sé có huaigneach sin aca go gcuireadh sé crith eagla ar do chroidhe. An geimreadh fada níor eirigh an ghrian tar a mullach agus na cearca fraoigh agus na girrfaidh níor mhaith leo an ball préachta a thaobhachtáil. Ach is gearr uainn an uair cé go bhfuil cuma préachta fós air, go gcorruighidh an galán gréine é agus an sgrath-chloch féin ar na halltracha aireochaidh sé borradh an earraidh a bhéas aníos arís

Na héanacha agus na míoltóga atá i gcoillte cnuic sinle thíos faoi ní ghéileann siad do na gaoithe géara agus tá an t-adhann sléibhe faoi lán bhláth ar i n-áiteacha fasmhla cois chlais na habhann. An fiadhaile gránna céadna nuair a castar linn sa ngairdín é, is mó an fhearg a chuireann sé orainn sa ngairdín ná an greann ar cóir dúinn fagháil ar a áilne agus é faoi n-a greana ordha agus a ghiosadain corcra lannach. Tig na blátha roimh na duilleoga abfad agus tig siad ina bhfleacaibh a fás as fáisiní faoin sgrath. Ach dá dhána an t-adhann sléibhe ina éadan na gaoithe fuaire gníomh sé cosaint faoi na cóir agus má bhreathnuigheann tú é cífidh tú a cuid giosadán agus bláth-ghineoga faoi clumhán de chanach bán a gníos súsa cluthmhar dóibh ins na hoideanta glasa. Ach oiread leis an gceir ar toraidh fóireann an clumhán seo ar na bláthanna in aghaidh teas fuaicht nó taise na haimisire, nuair a athruigheann an uair go toibeann; coinneigheann sé teas an plannda cothrom sa gcaoi nach dtagann staonadh ina borradh. Agus níor mór é sin mar cothuigheann an t-adhann sléibhe tuaisgeart na hEorpa chó fada ó thuaidh leis an gCeirceal Airtic.

Tá paistí ocracha gainimhe in áiteacha ar fud bruach na habhann a dtig an fuarloch de rith ina thuile ortha sa ngeimhreadh dá loma den luibhearnach ar fad beagnach. Ach ní lomadh luain é mar tá na paistí seo breac faoi thoraibh fóthanáin eicint a tháinig agus an oiread den clumhán bán ortha go sílfeá gur faoi shioc atá siad. Tá giosadán críon go sturramhail ina lár, cnámh-fhóda tais de planndaí na bliana anuraidh, ach leis an neart atá fós ionnta is furasta aithint gurbé an fóthanán mín atá ann. Ba “dubhach an radharc” é dar le Linnaeus ach do bhog sé croidhe Anne Pratt có mór le na áilne gur impigh sí ar Dhia trócaire a dhéanamh ar chuile príosúnach agus cime nár leigeadh dóibh radharc fhágáil ar an bplanndóg álainn seo, ba truaigh le Linnaeus críonna é a bheith ann mar níl aimhreas ar bith nach comhartha é gur talamh bocht gan mhaith don fheilméara an talamh na bhfásann sé. Ná cuireadh sé cás ar aonduine ámthach go maireann sé annseo sa ngleann; maidir leis sin táimid faoi cumaoín dúbálta aige dar liomsa mar is áille marbh é ná ina bheatha. Tá roinnt de mianach phlandaí bribheanna an gháirdín ann agus coinneigheann sé crut gan smál agus loinnt mhaith mí má bhíonn fásghadh aige in áit nach dtig le droch shíona ná mórbháisteach an gheimhridh droch-chuma a chuir air. Ní thig leat gan a’ ceann buidhe cóthánach a aithneachtáil nuair atá mianach corcra i gcloigne na bhfóthanán eile. Is minic iongnadh orm faoi nach dtógann dealbhadóirí na miotal luachmhara an plannda seo mar cuspa dá n-obair greannta. Breannuigh a ceann liath-bhán agus é ar aon dul beagnach le ór Astrálach agus a chuid duilleog mar bheadh airgead tannaidhe buailte a gcuid sinn deithte leis an bpatina donn féin. Ní raibh cuspa ariamh níos feileamhnaighe do ghabha geal ceirdneach. Ach an duine bocht úd tá sé ina seirbhíseach ag dúil meathta na haimsire seo agus ina cheap ag an saoghal nach dtugann dó ach sean-leabhair chaithte agus riaghail troighe agus seomra dubhach le samhlacht na hailne a meabhrú dó, agus an seod seo, seod ina chuma agus ina dháth is gearr go mbeidh sé brúigte sa gciseach faoi chosa na gcaorach ar folruain.

An chuimhne duairc seo chuir glinniuint d’éinín ar ceal é, éinín a’ gabháil de sgiotán an abhainn suas, glasóg atá ann agus tusa a bhfuil a bheag nó mhór de chríonnacht agat sgairteann tú gur glasóg bhuidhe atá ann. Is glasóg bhuidhe é ach ní hí glasóg bhuidhe lucht ealadhan atá innte. Ní hiongnadh ar bith go mbíonn dul amú ar mhórán daoine faoin méad cinéal glasóg atá ann mar atá na hainmneacha Béarla tré chéile agus gan ciall. Ach féadamuid bheith beagnach cinnte gur fíor annamh a bhíonn an glasóg bhuidhe cheart (motacilla raii) le feiceál againn mar is éan atá gann in Éirinn é cé go ngorann sé annseo. Tá ceithre chinéal de na glasóga sa tír seo againn-ne – an ghlasóg shráide, an ghlasóg liath, an ghlasóg gheal agus an ghlasóg bhuidhe agus sí an ghlasóg shráide an ceann is coitcheanta aca mar síolruigheann sí is gach aon chondae in Éirinn. Sí an glasóg liath an chéad ceann eile aca i gcoitcheantacht agus cé gur éan dúthaigh sa tír í atá le feiceál go minic níl a cinéal an fhairsing i nduthaigh ar bith ina ndiaidh siúd tig an glasóg bhuidhe agus an ghlasóg gheal, agus tá an dá cineál gann. Is ceann de na ceithre cinéal an glasóg bhuidhe, Motacilla Melanope, a chonnaiceamar ar ball beag agus í ag sgiúradh an abhainn suas. Tá druim an choiligh liath agus tá dath rif-bhuidhe ar an gclumhach in íochtar agus an clumhach faoi bhun cleiteacha an eireabail fíor-ghéal bhuidhe. Tugann an tsúil suaithiantas don buidhe-ghile seo nuair a bhíonn an t-éan ar eiltreog. Tá sé ar cheann de na héanacha is staideamhla agus is áilne dá bhfuil ann. Tá a cholann caol agus a eireabail fada agus is aipidhe ar eiltreog dó ná a ghaol an glasóg sráide agus ar a nós siúd tá sé a teacht suas ar mhíoltóga agus ar

mhin-fheididí abhann. Is mó atá sé tugtha don uisce ná an glasóg shráide, go mór mór na srutháin fhiádhaine sléibhe a gcothuigheann an lon abhann agus tógann sé a nead beagnach i gcomhnaidhe mar a mbeidh glór na habhann ina cluais aige nó ar bhruach locha. Is maith léithe aice dá nid i sean-droichead in ionad cloiche tuitthe agus suidhfidh an chearc san áit sin abfad amach san Aibreán agus déanfaidh sí gor ann ar bruach an uisce chrónánaigh agus mbíonn eanngach na greine anuas air. Agus beidh a ceile beag san áirdeall dí agus a aire uirthé.